

Coláiste Cholmcille ag Ceiliúradh 50 Bliain

Tá Coláiste Cholmcille ag ceiliúradh caoga bliain ar an bhfód i mbliana. Ar Lá 'le Bríd na bliana 1955, osclaíodh scoil nua i gCois Fharraige - Gairmscoil Cholmcille. Ba sa Spidéal a bhí ionad na scoile go dtí sin agus d'aistrigh na mic léinn agus an fhoireann múinteoirí go dtí an Cnoc nuair a bhí an scoil nua tógtha. Timpeall 50 mac léinn a bhí ag freastal ar an scoil ag an am. Ba é Mícheál Mac Aodha an chéad phríomhoide agus chaith sé timpeall trí bliana i bhfeighil na scoile. Bhí Mícheál Ó Cuilleanáin mar phríomhoide ar feadh timpeall cheithre mhí ina dhiaidh sin.

I mí Eanáir 1959 tháinig Seán Ó Mainnín agus bhí seisean ina phríomhoide ón am sin go dtí go bhfuair sé bás i Meán Fómhair 1990, beagnach 32 bhliain ar fad. Bhí croí agus anam Sheáin sa scoil agus d'oibrigh sé go díograiseach chun an scoil a chur chun cinn agus gach deis a chur ar fáil do na mic léinn. In aimsir Sheán Uí Mhainnín

mhéadaigh an scoil go dtí timpeall ceithre oiread go leith an mhéid a bhí inti ag an tús. Ceapadh Breandán Ó Callaráin mar phríomhoide sa bhliain 1990 agus bhí post an Leas-phríomhoide ag Seán Ó Tuairisg. I 2003 ceapadh Tomás Mac Gloinn mar Phríomhoide agus anuraidh ceapadh Gearóid Ó Dubhloich

mar Leas-phríomhoide.

Sna céad blianta, bhí an scoil ag tairiscint oideachais suas go leibhéal an Teastais Ghrúpa a dheintear tar éis dhá bhliain. Le himeacht aimsire tugadh isteach saoroideachas agus sa bhliain 1969 rinneadh an Mheánteistiméireacht sa scoil don chéad uair. I 1975 ceadaíodh an Ardteistiméireacht sa scoil agus rinneadh an Ardteistiméireacht sa scoil don chéad uair sa bhliain 1977. Chuaigh líon na scoláirí i méid de réir a chéile agus, i láthair na huaire, tá 200 scoláire agus 19 múinteoir sa scoil. Tá réimse leathan ábhair sa scoil idir ábhair phraiticiúla agus ábhair acadúla agus iad uilig á ndéanamh go leibhéal onóracha na hArdteistiméireachta.

Téann formhór na scoláirí ar aghaidh go hoideachais tríú leibhéal, ar nós Coláiste Ollscoile na Gaillimhe agus Institiúidí Oideachais eile. Tá réimse mór gníomhaíochtaí bhreise ar siúl sa scoil - Ríomhaireacht, Drámaíocht, Scríbhneoireacht Chruthaitheach, Tráth na gCeist, Ceol, Peil, Sacar, Leadóg Bhoird, Cispheil agus Bádóireacht. Taispeánadh an tallann iontach atá sa scoil ag Ceolchoirm na Mílaoise agus an Cheolchoirm ag ceiliúradh 50 bliain na scoile. Tá páirc nua imeartha ar chúl na scoile a chabhraíonn go mór le cúrsaí spóirt. Ar an ócáid speisialta seo, guímid gach rath ar mhúinteoirí, iarmhúinteoirí, scoláirí, iarscoláirí agus tuismitheoirí go léir na scoile. Guímid go speisialta ar son iarmhúinteoirí agus iarscoláirí na scoile atá imithe ar shlí na fírinne.



Imeachtaí Eile

An Brat Glas

Is fadhb domhanda í an dramhaíl - fadhb atá ag cur an-chuid brú ar an timpeallacht mar nach bhfuil muid ag déanamh aon bhainistíocht cheart air. Dhá bhliain ó shin, i gColáiste Cholmcille, thug Rang 3A1 O.S.S.P. faoi thogra, an Brat Glas a fháil don scoil agus a gcion féin a dhéanamh don timpeallacht trí scoláirí, múinteoirí agus an pobal i gcoitinn a chur ar an airdeall. Is siombal idirnáisiúnta í An Brat Glas agus tá 9,000 scoil san Eoraip agus san Aifric Theas páirteach ann. Glacann An Taisce agus An Chomhairle Contae áitiúil freagracht as anseo in Éirinn.

Ag tús na bliana, fuair muid Oifigeach Timpeallachta an Chomhairle Contae, Sinéad Ní Mhainnín, le theacht amach chun cainte linn agus, tar éis Coiste Lárnach a bhunú, rinne muid suirbhé timpeallachta chun a fháil amach cén saghas agus cé mhéad bruscair a bhí ag dul amach ón scoil gach seachtain. De thoradh an tsuirbhé, thosaigh muid scéim athchúrsála chun páipéar, plaisteach agus cannaí a athchúrsáil. Rinne Rang na hIdirbhliana boird éan don fhuilleach aráin agus chuir muid cón glas ag obair don fhuilleach torthaí agus málaí tae. D'eagraigh muid comórtais litríochta, ealaíne agus manaí agus rinne muid clár ar Raidió na Gaeltachta chun eolas a thabhairt do mhuintir na háite.

Bhí "Lá Glas" againn freisin - lá gníomhúcháin agus chuaigh chuile dhuine amach ag glanadh suas agus ag cur plandaí. Chuir siopadóir áitiúla, Seán Ó Foighil, crann, a ndearna sé urraíocht air, i rith Sheachtain Náisiúnta na gCrann. Anuraidh chuir muid leis an obair a thosaigh an Rang 3A1. Rinne Rang O.S.S.P. 2A1 bláthcheapach as coirnéal talún le hais an tseomra miotalóireachta agus tá siad ag tabhairt togha na haire dó. Bhí méir san anraith ag go leor scoláirí chun an cúinne le bóthar, a bhí imithe fiáin, a ghlanadh suas is a mhaisiú. Phéinteáil siad na cuailí agus chuir siad pictiúir ildaite, ornáideacha orthu. Ghearr siad siar na sceacha is bhain siad na fiailí. Bhain siad sásamh, freisin, as a bheith amuigh faoin aer úr, ag déanamh rud éigin fíntach don timpeallacht.

Le "Seachtain na gCrann" agus "breithlá" caoga bliain na scoile a chomóradh, tháinig Seán Ó Tuairisg isteach agus chuir sé crann ar aghaidh na scoile. Is íontach an togra é le freagracht pearsanta agus freagracht poiblí a mhúineadh do na scoláirí agus dea-thaithí a chothú iontu a thiocfaidh chun a leas féin is leas an sochaí amach anseo. Ghlac na daltaí go fonnmhar leis an bhfreagracht seo agus is creidiúint

dóibh go bhfuil laghdú 50% tagtha ar an mbruscar atá ag dul sa líonadh talún anois.

Ag searmanas a bhí ar siúl sa scoil ar an Luan, 23 Bealtaine 2005, chroch Fidelma Healy-Eames, Cathaoirleach Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, an Brat Glas don chéad uair os comhair na scoile. 1 láthair ag an ócáid seo bhí Pilib Mac Roibín, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe; Seán Ó Tuairisg, Cathaoirleach, Bord Bainistíochta na scoile; Máirín Uí Fhátharta, ionadaí na dtuismitheoirí ar Bhord Bainistíochta na scoile, chomh maith le scoláirí na scoile go léir. Is é Coláiste Cholmcille an chéad Ghairmscoil agus an chéad scoil dara-leibhéal sa chontae ar bronnadh an Brat Glas air agus tá muid an-bhródúil as. Tá súil againn éacht eile a dhéanamh i mbliana tríd an brat a athnuachan, rud a chaitear a dhéanamh chuile dara bliain.

Drámaíocht

Bhain rang na hIdirbhliana an-taitneamh as dráma a chur siad ar stáitse na Taibhdheirce arís i mbliana le cabhair ó cheathrar ón gcéad bhliain. Chuir siad "An Maidrín Rua" ar siúl agus chuaigh siad chomh fad leis an gComórtas Náisiúnta sa Mhuileann Cearn leis. Rinne siad camchuart ar an Naíonra, Scoil Sailearna agus Scoil Ros an Mhíl leis an dráma agus le seó puipéid a chur siad le chéile. Tá súil acu é a thabhairt go hInis Meáin go gairid.

Bhain scoláirí na scoile an-tairbhe as Cheardlann Drámaíochta a rinne siad le Diarmaid de Faoite. Ghlac siad páirt i bParáid Lá Fhéile Pádraig leis chomh maith le drámaí a chur siad ar stáitse i Seanscoil Sailearna i mí Bealtaine.

Féilire

Le dhá bhliain anuas anois tá os cionn €1,000 ar fad curtha ag scoláirí na hIdirbhliana thar sáile chun dul i gcabhair ar Pháistí Sráide i gCapetown, áit a bhfuil an sagart áitiúil, An tAth. Pádraig Steve Ó Neachtain ag obair. Cuireann siad féilire seanphaidreacha is rannta, a bhailigh an tAth. Ó Flannabhra, le chéile agus tá siad an-bhuíoch do Mhicheál i gClódóirí Lurgan a fhoilsíonn an féilire dóibh.

Is nasc í an fhéilire idir thraidisiúin ár sinsear agus tugann sí seans dár scoláirí cúnamh a thabhairt do ghasúir ar chomhaois leo san Aifric nach bhfuil chomh maith as leo féin.